

Bileog Ullmhúcháin Liotúirge

Do Cheiliúradh Sacraimint an Athmhuintearais don Chéad Uair

Táthar ag súil go ndéanfaí an bhileog phleanála seo a chríochnú ag cruinniú ina mbeidh ionadaithe teaghlach, ionadaithe scoile agus ionadaithe ó phobal an pharóiste i láthair. Tá roinnt moltaí tugtha maidir le sleachta le léamh, ceol, srl, ach is féidir cur leis na moltaí seo.

An fhoirm de cheiliúradh an Athmhuintearais atá anseo ná an Dara Fhoirm den Deasghnáth. Go hoifigiúil is é teideal an deasghnátha ná: Deasghnáth Athmhuintearais do Scata Aithríoch le Faoistin Aonair agus le hAspalóid.

Ba chóir breathnú go cúramach ar an am a mbeidh an ceiliúradh ar siúl. Tá sé tábhachtach go gcuirfí fáilte, roimh an liotúirge, chuig tuismitheoirí agus teaghlaigh. Is príomhoideachasóirí a gcuid leanaí, i ngach bealaí, iad na tuismitheoirí, ach go háirithe i gcúrsaí creidimh, agus mar sin ba chóir gurb iad na tuismitheoirí a chuireann na páistí i láthair do dheasghnáth an Athmhuintearais. De ghnáth, dá bhrí sin, is fearr an ceiliúradh a bheith ann sa tráthnóna, nuair a bheidh tuismitheoirí agus teaghlaigh níos mó ar fáil.

Dáta: _____

Am: _____

Ag ullmhú an tséipéil

Is maith le pobal an pharóiste, a bheith ag obair le múinteoirí agus le teaghlaigh, chun go mbeidh an séipéal áitiúil cairdiúil agus fáilteach do pháistí, agus chun ómós speisialta a léiriú don ócáid atá á cheiliúradh. Ach ba chóir na nithe seo a leanas a thabhairt chun chuimhne más gá:

- Má tá Sacraimint an Athmhuintearais á cheiliúradh don chéad uair i rith an Charghais, tá sé tábhachtach a thabhairt faoi deara, nach oiriúnach go mbeadh an altóir nó foirgneamh an tséipéil, maisithe le bláthanna i rith an Charghais (na heisceachtaí atá ann ná: an Ceathrú Domhnach den Charghas (Domhnach Laetare) agus aon Sollúntas/Féile a tharlaíonn le linn an Charghais).
- Má tá Sacraimint an Athmhuintearais á cheiliúradh don chéad uair lasmuigh den Charghas, tá sé ceart go leor bláthanna a bheith sa sanctóir ach gan iad a bheith ar an altóir féin. Is féidir bláthanna a chur i halla/póirse an tséipéil freisin, mar chomhartha féilte agus fáilte. Níl sé oiriúnach bláthanna, coinne nó rudaí eile a chur timpeall an taibearnacail.
- Níl aon riachtanas ann go mbeadh saothar ealaíne ullmhaithe ag na páistí chun an séipéal a mhaisiú. I gcásanna áirithe, is féidir leis an saothar ealaíne aire a bhaint ón liotúirge féin. B'fhéidir gur fearr, áfach, obair ealaíne na bpáistí a chur ar taispeáint i halla/póirse an tséipéil.

NA DEASGHNÁTHA TOSAIGH

Iomann/Amhrán Tosaigh: _____

Moltaí ó *I nGrá Dé (Beo go Deo)*:

- 'Ó, Tá Tinneas Cinn Orm!' Le Kevin Farrell agus Antaine Ó Faracháin (Beo go Deo 4, Téacs an Mhúinteora, lch. 137).
- 'Tá Brón Orm' le Geraldine Doggett agus Moya Ní Cheallaigh (Beo go Deo 4, Téacs an Mhúinteora, lch. 284).
- 'Maith Dom é, a Dhia' le hAntaine Ó Faracháin agus Eibhlín Mhic Aoidh (Beo go Deo 4, Téacs an Mhúinteora, lch. 264-5).

Comhartha na Croise agus Beannacht

Gníomh Aithrí

Roghnaigh ó cheann díobh seo a leanas:

- Abair An *Fhaoistin Choiteann* ('Adhmaim do Dhia uilechumhachtach ...')
- Can nó abair an Kyrie ('A Thiarna, déan trócaire ...') (*Beo go Deo 3*, Téacs an Mhúinteora, lch. 343) i ndiaidh gairmeacha an tsagairt.

LIOTÚIRGE AN BHRIATHAIR

Is féidir léachtaí do cheiliúradh Sacraimint an Athmhuintearais a thógáil ón roinn sin de Leicseanár III a bhaineann le hAithrí. B'fhéidir go mba mhaith leat úsáid a bhaint freisin as léachtaí atá ar eolas ag na páistí ón sraith *I nGrá Dé*. Tá tagairtí do na léachtaí sin ar fáil thíos. Tá rogha iomlán de léachtaí tugtha mar aguisín leis an doiciméad seo. Seachas i gcás daoine a bhfuil lagú éisteachta acu, ní gá cóip de na focail a thabhairt don bpobal.

An Chéad Léacht

Téacs: _____

Moltaí:

- Íseáia 43:1-3 ('Ná bíodh eagla ort, óir tá tú fuascailte agam')
- 1 Eoin 4:7-18, 11-12 ('Tugaimis grá dá chéile')
- 1 Corantaigh 13:4-8 ('Bíonn an grá foighneach agus bíonn sé lách')

Ba chóir an chéad agus an dara léacht a bheith fógraithe ón Leicseanár. Tugtar 'Ministir an Bhriathair' ar an duine a fhógraíonn Briathar Dé ag an Aifreann. Tá an duine seo traenála agus coimisiúnta don obair seo sa séipéal. Ní hamháin go ndéantar Briathar Dé a 'léamh' ag an Aifreann, déantar é a fhógairt. Mar sin, is é an duine is oiriúnaí chun Briathar Dé a fhógairt ná 'Ministir an Bhriathair' a bhfuil traenáil faighte aige/aici.

Fógraithe ag: _____

Salm le Freagra

Ba chóir an salm a chanadh. Tá sé faoi cheannas an salmaire, an cantaire nó an cór. Ba cheart cabhair a thabhairt don phobal agus do na ministirí éagsúla páirt a ghlacadh agus an freagra ar an salm a chanadh.

Moltaí ó *I nGrá Dé* (Beo go Deo):

- 'Is é an Tiarna m'Aoire' (Salm 23) (Beo go Deo 4, Téacs an Mhúinteora, lch. 236).

Faoi cheannas: _____

Comhgháir an tSoiscéil

Ba chóir Comhgháir an tSoiscéil a chanadh. Déanann an pobal agus na ministrí éagsúla an chomhgháir a chanadh arís i ndiaidh an chantaire/chóir. Canann an cantaire nó an cór na véarsaí leo féin. Déanann an pobal agus na ministrí eile an chomhgháir a chanadh arís i ndiaidh gach véarsa. Le linn séasúr an Charghais is í Comhgháir an tSoiscéil a úsáidtear ná: 'Moladh duit, a Thiarna Íosa Críost, Rí na Glóire Síoraí'.

Moltaí ó *I nGrá Dé* (Beo go Deo):

- *Alleluia* (Beo go Deo 4, Téacs an Mhúinteora, lch. 306).

Cantóir an véarsa: _____

An Soiscéal

Moltaí ó *I nGrá Dé*:

- Eoin 13:34-35 ('Tugaigí grá dá chéile')
- Matha 18:12-14 (An Seachránai Caorach)
- Lúcas 19:1-9 (Zacháias)

Fógartha ag: _____ (sagart/deagánach)

Scrúdú Coinsiasa

Mar chuid den aitheasc, nó díreach ina dhiaidh, déantar an Scrúdú Coinsiasa seo a leanas faoi stiúir an tsagairt nó faoi stiúir duine fásta cuí eile, ar nós tuismitheoir, múinteoir nó ionadaí paróiste.

Ag smaoineamh siar ar an lá inniu, tá mé cinnte gur minic a thaispeáin tú grá do dhaoine eile. Ach b'fhéidir go raibh uaireanta ann nuair nár thaispeáin tú. Ag baint úsáide as do ghuth inmheánach, inis le Dia na freagraí ar gach ceann de na ceisteanna seo:

- Ar ghuigh tú chun Dé inniu? (Sos)
- An ndearna tú mar a d'iarr do mhúinteoirí agus do mhuintir ort? (Sos)
- An raibh tú cineálta le do dheartháireacha, deirfiúracha nó cairde? (Sos)
- An raibh tú leisciúil? (Sos)
- Ar ghoid tú rud ar bith? (Sos)
- Ar roinn tú le daoine eile? (Sos)
- Ar inis tú an fhírinne i gcónaí? (Sos)
- An bhfuair tú aon rud ar iasacht gan é a sheoladh ar ais? (Sos)

An bhfuil aon rud eile ann a dteastaíonn uait a rá le Dia? Má tá, is féidir leat é a lua anois mar chuid de Shacraimint an Athmhuintearais.

DEASGHNÁTH ATHMHUINTEARAS

Iarrtar ar thuismitheoirí/chaomhnóirí na leanaí atá ag ceiliúradh a gCéad Athmhuintearas seasamh

Tugtar cuireadh do thuismitheoirí/chaomhnóirí a bheith ina suí

Sagart: Nuair a thóg tú do pháiste chuig an séipéal agus Baisteadh á lorg agat, ghlac tú an fhreagracht bheith le do pháiste ar aistear an chreidimh. Inniu tá céim eile ar an turas creidimh sin á thógáil ag do pháiste. Cad atá á iarraidh agaibh ar Eaglais Dé do bhur leanaí?

Tuismitheoirí/Caomhnóirí: Ceiliúradh maithiúnas Dé i Sacraimint an Athmhuintearais

Sagart: I Sacraimint na hAithrí, déantar athcheangal arís le daoine eile, agus le Dia. Ceiliúraimid grá agus maithiúnas Dé. Fiú nuair nach mbíonn grá againn do dhaoine eile, bíonn grá ag Dia dúinn. Bíonn Dia ag fanacht i gcónaí orainn lenár bpeacaí a admháil, brón a bheith orainn agus filleadh arís ar an ngrá. Déanaimis grá Dé a cheiliúradh anois i gceiliúradh Sacraimint an Athmhuintearais.

Ag an bpointe seo sa liotúirge, tugtar cuireadh do thuismitheoirí/chaomhnóirí a bpáistí a chur i láthair an tsagairt don bhfaoistin, páiste amháin ag an am. B'fhéidir go gcabhródh sé le páistí pictiúr atá tarraingthe acu, a thabhairt leo, - pictiúr a léiríonn am go ndearna sé/sí rogha olc agus peaca a bheith déanta acu.

Más féidir, ba mhaith an rud é fáilte a chur roimh thuismitheoirí agus baill eile teaghlaiigh Sacraimint an Athmhuintearais a cheiliúradh.

Nuair atá Sacraimint an Athmhuintearais ceiliúrtha ag gach páiste, leanann an deasghnáth.

Ceiliúraí: Aitheanta an tslánaithe dár dtreorú agus briathar Dé dár dteagasc, tá sé de mhisneach againn a rá:

Pobal: Ár nAthair ...

DEASGHNÁTHA DEIRIDH

Ceiliúraí: Go raibh an Tiarna libh.

Gach duine: Agus le do spiorad féin.

Ceiliúraí: Go mbeannaí Dia uilechumhachtach sibh, Athair, Mac agus + Spiorad Naomh.

Gach duine: Áiméan.

Ceiliúraí: Imígí le Soiscéal an Tiarna a fhógairt.

Gach duine: Buíochas le Dia.

Iomann/Amhrán Deiridh: _____

Moltaí ó *I nGrá Dé* (Beo go Deo):

- 'Déanaimid 'Seo i gCuimhne ar Íosa' (*Beo go Deo 3*, Téacs an Mhúinteora, lch. 306-7)
- 'Seo é an Lá' (*Beo go Deo 4*, Téacs an Mhúinteora, lch. 328-9)
- 'Alleluia' (*Beo go Deo 3*, Téacs an Mhúinteora, lch. 249)